AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.12.2022
C(2022) 9059 final

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.12.2022**

**de bhun Airteagal 20(7) de Rialachán (CE) Uimh. 2019/943 maidir le torthaí na dTuarascálacha Faireacháin arna gcur isteach ón mBeilg, ón bPolainn, ó Éirinn agus ón Liotuáin**

(Is iad na leaganacha Ísiltírise, Béarla, Fraincise, Gaeilge, Liotuáinise agus Polainnise agus na leaganacha sin amháin atá barántúil)

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.12.2022**

**de bhun Airteagal 20(7) de Rialachán (CE) Uimh. 2019/943 maidir le torthaí na dTuarascálacha Faireacháin arna gcur isteach ón mBeilg, ón bPolainn, ó Éirinn agus ón Liotuáin**

(Is iad na leaganacha Ísiltírise, Béarla, Fraincise, Gaeilge, Liotuáinise agus Polainnise agus na leaganacha sin amháin atá barántúil)

## 1. NÓS IMEACHTA

I ndiaidh Airteagal 20(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2019/943 (dá ngairtear 'An Rialachán Leictreachais' anseo feasta)[1], forbraíonn na Ballstáit ar ina leith a shainaithneofar ábhair imní ó thaobh leormhaitheasa de plean chur chun feidhme, ina leagann siad amach an chaoi atá sé beartaithe acu aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna a bhfaidhbe leormhaitheasa le hathchóirithe margaidh ('Pleananna um Athchóiriú Margaidh').

Tiocfaidh athbhreithniú de chuid an Choimisiúin tar éis Plean um Athchóiriú Margaidh a chur isteach, dá dtagraítear in Airteagal 20(5) den Rialachán Leictreachais, ar coinníoll dlíthiúil é le haghaidh aon sásra acmhainneachta náisiúnta a fhaomhadh faoi Airteagal 21(5) den Rialachán Leictreachais.

Ceanglaítear le hAirteagal 20(6) den Rialachán Leictreachais go ndéanfaidh gach Ballstát ar ina leith a shainaithneofar ábhair imní ó thaobh leormhaitheasa de faireachán ar chur i bhfeidhm a bpleananna cur chun feidhme agus go bhfoilseoidh siad torthaí an fhaireacháin i dtuarascáil bhliantúil ('Tuarascáil Faireacháin') a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin. I gcomhréir le hAirteagal 20(6) den Rialachán Leictreachais, fuair an Coimisiún na Tuarascálacha Faireacháin den chéad uair (dá ngairtear Tuarascálacha Faireacháin I anseo feasta) ón mBeilg[2], ón bPolainn[3], ó Éirinn[4] agus ón Liotuáin[5].

De bhun Airteagal 20(7) den Rialachán Airgeadais, éilítear ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint maidir le cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh chun feidhme go leordhóthanach na pleananna cur chun feidhme go leordhóthanach, agus cé acu ar réitíodh nó nár réitíodh an t-ábhar imní maidir le leormhaitheas acmhainní.

---

[1] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

[2] Chuir an Bheilg a Tuarascáil Faireacháin I faoi bhráid an Choimisiúin i mí Iúil 2021, atá ar fáil go poiblí ag an nasc seo a leanas: https://economie.fgov.be/sites/default/files/Files/Energy/CRM-Monitoring-Report-Belgian-electricity-market-Implementation-plan-2021.pdf

[3] Chuir an Pholainn a Tuarascáil Faireacháin I faoi bhráid an Choimisiúin i mí Dheireadh Fómhair 2021, atá ar fáil go poiblí ag an nasc seo a leanas: https://www.gov.pl/web/klimat/sprawozdanie-z-realizacji-planu-wdrazania-reform-rynku-energii-elektrycznej-przyjete-przez-kse

[4] Chuir Éire a Tuarascáil Faireacháin I faoi bhráid an Choimisiúin i mí Feabhra 2022, atá ar fáil go poiblí ag an nasc seo a leanas: https://www.gov.ie/en/publication/c1028-implementation-plan-for-ireland-to-meet-the-requirements-of-the-recast-electricity-market-regulation/

[5] Chuir an Liotuáin a Tuarascáil Faireacháin I faoi bhráid an Choimisiúin i mí Eanáir 2022, atá ar fáil go poiblí ag an nasc seo a leanas: https://enmin.lrv.lt/lt/veiklos-sritys-3/elektra/pajegumu-uztikrinimo-mechanizmas

## 2. TUAIRISC AR NA TUARASCÁLACHA FAIREACHÁIN

Leagtar amach in Airteagal 20 (6) den Rialachán Airgeadais go ndéanfaidh na Ballstáit faireachán ar chur i bhfeidhm a bpleananna cur chun feidhme, agus foilseoidh siad torthaí na Tuarascála Faireacháin i dtuarascáil bhliantúil. Tabharfar aghaidh sa Tuarascáil Faireacháin ar dhul chun cinn na mbeart a leagtar amach ina bPleananna um Athchóiriú Margaidh. Is seacht ngrúpa sonrach beart atá iontu siúd, mar a luaitear in Airteagal 20(3) den Rialachán Leictreachais, eadhon:

(a) deireadh a chur le saobhadh rialála;

(b) srianta ar phraghas mórdhíola a bhaint (‘uasteorainneacha’);

(c) a áirithiú go léirítear luach na gcúltacaí sa chóras go hiomchuí i bpraghsanna;

(d) idirnascadh agus acmhainneacht inmheánach eangaí a mhéadú;

(e) féinghiniúint, stóráil fuinnimh, bearta atá dírithe ar an éileamh agus éifeachtúlacht fuinnimh a chumasú;

(f) soláthar cost-éifeachtach agus margadhbhunaithe seirbhísí cothromúcháin agus coimhdeacha a áirithiú; agus

(g) praghsanna rialáilte a bhaint i gcás ina gceanglaítear amhlaidh le hAirteagal 5 de Threoir (AE) 2019/944 (dá ngairtear ‘An Treoir Leictreachais’ anseo feasta)[6].

## 2.1. AN BHEILG

Ina Tuarascáil Faireacháin I, deimhníonn an Bheilg an t-ionchas maidir le leormhaitheas acmhainní, bunaithe ar staidéar nua leormhaitheasa agus solúbthachta[7] a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021. Tuairiscíonn an Bheilg ar lámh amháin go mbeidh acmhainneacht intíre nua de dhíth de bharr an imeachta ón gcumhacht núicléach, agus ar lámh eile nach dtugtar dóthain dreasachtaí sna margaí atá ann faoi láthair chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht dhaingean, rud lena n-éilítear sásra acmhainneachta a chur chun feidhme (dá ngairtear SA, anseo feasta).

Ina Tuarascáil Faireacháin I, tuairiscíonn an Bheilg faoin dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na mbeart seo a leanas, mar a moladh ar dtús ina Plean um Athchóiriú Margaidh[8].

### 1. Coinníollacha ginearálta maidir le praghas mórdhíola

Mar a luaitear i bPlean um Athchóiriú Margaidh na Beilge, níl aon uasteorainn phraghais i bhfeidhm sa Bheilg maidir le margaí lá roimh ré agus ionlae seachas na praghsanna imréitigh uasta agus íosta comhchuibhithe le haghaidh na cúplála lá roimh ré agus ionlae i gcomhréir le hAirteagail 41(1) agus 54(1) de Rialachán (AE) 2015/12223 ón gCoimisiún (dá ngairtear ‘Rialachán CACM’ anseo feasta). Dá bhrí sin, níor tugadh aon nuashonrú i dTuarascáil Faireacháin I.

---

6 Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

7 Elia, 2019, *Adequacy and flexibility study for Belgium 2020-2030[Staidéar leormhaitheasa agus solúbthachta don Bheilg 2020-2030]*, atá ar fáil ag: https://economie.fgov.be/sites/default/files/Files/Energy/Adequacy-and-flexibility-study-for-Belgium-2020-2030-Elia.pdf

8 https://energy.ec.europa.eu/system/files/2020-05/adopted_opinion_be_en_0_1.pdf

## 2. An margadh don chothromú

Thug an Bheilg tiomantas ina Plean um Athchóiriú Margaidh do shraith athchóirithe i leith seirbhísí coimhdeacha a bhaineann le minicíocht. Ina Tuarascáil Faireacháin I, thug an Bheilg le fios gur cuireadh chun feidhme na hathchóirithe mar a fógraíodh iad:

- Tá Cúltacaí Rialaithe Minicíochta (dá ngairtear 'FCR' anseo feasta) ar oscailt do gach teicneolaíocht agus do gach gníomhaí. Tá an tairiscint ag tarlú ar bhonn laethúil agus ar leibhéal réigiúnach ó mhí Iúil 2020.
- Tá Cúltaca Athbhunaithe Minicíochta le gníomhachtú uathoibríoch (dá ngairtear 'aFRR' anseo feasta) ar oscailt do gach teicneolaíocht agus do gach gníomhaí ó mhí Mheán Fómhair 2020. Tarlaíonn an tairiscint ar bhonn laethúil freisin.
- Tá Cúltacaí Athbhunaithe Minicíochta le gníomhachtú láimhe (dá ngairtear 'mFRR' anseo feasta) ar oscailt do gach teicneolaíocht agus do gach gníomhaí. Tá an tairiscint agus an toisiú ag tarlú ar bhonn laethúil. Tá an phraghsáil imeallchostais le haghaidh fuinneamh gníomhachtaithe don chothromú cumasaithe ó mhí Feabhra 2020.
- Soláthraíodh na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm le feabhas a chur ar fhoilseacháin chothromúcháin laistigh den amlíne a bhí beartaithe, go háirithe uirlis TF a fhorbairt le haghaidh cumarsáid fíor-ama le Páirtithe Freagracha Cothromúcháin (dá ngairtear 'BRPanna' anseo feasta)

I dtéarmaí rannpháirtíochta i dtionscadail an Aontais, thug an Bheilg tiomantas ina Plean um Athchóiriú Margaidh chun bheith rannpháirteach in ardáin chothromúcháin an Aontais le haghaidh mFRR agus aFRR i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 21 de Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún (dá ngairtear 'Treoirlíne maidir le Cothromú' anseo feasta)[9] faoi 2022. Ina Tuarascáil Faireacháin I, tugann an Bheilg le fios nach raibh aon athrú ar an bpleanáil.

## 3. Freagairt don éileamh

Tugann an Bheilg le fios ina Plean um Athchóiriú Margaidh gurb inniúlacht faoi na Réigiúin sa Bheilg é cur in úsáid na méadar cliste i gcomhréir le hAirteagail 19 go 22 den Treoir Leictreachais. De réir a Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh, i Réigiún na Vallúine agus i Réigiún Phríomhchathair na Bruiséile, níl coinne le cumhdach iomlán ná cumhdach neas-iomlán go dtí tar éis 2030. Maidir le Flóndras, cé gur thug an Bheilg tiomantas ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh maidir le rolladh amach iomlán na méadar cliste faoi 2034, thug an Bheilg le fios ina Tuarascáil Faireacháin I gur chinn Flóndras dlús a chur le rolladh amach na méadar cliste, agus é mar aidhm aici rolladh amach iomlán a bhaint amach faoin 1 Iúil 2029 agus sprioc idirmheánach d'athsholáthar 80 % de gach méadar fuinnimh sna teaghlaigh i bhFlóndras faoi dheireadh 2024.

## 4. Margaí miondíola

Mar a luaigh sí ina Plean um Athchóiriú Margaidh, cuireann an Bheilg idirghabhálacha poiblí i bhfeidhm i leith shocrú na bpraghsanna do sholáthar an leictreachais do chustaiméirí teaghlaigh atá leochaileach ó thaobh fuinnimh de. Agus an méid sin á dhéanamh aici, tugann sí tiomantas chun Airteagal 5 den Treoir Leictreachais a chomhlíonadh maidir le praghsanna soláthair margadhbhunaithe. Ina Tuarascáil Faireacháin I, léiríonn sí gur thug sí isteach athchóirithe ó mhí Eanáir 2021 ar an gcóras chun forbairtí margaidh a chur san áireamh agus

[9] Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais, IO L 312, 28.11.2017, lgh. 6–53.

chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní soláthróirí. Dá réir sin, ceadaítear do sholáthróirí an taraif shóisialta a fháil agus aisíocaíocht ar an gcostas de thoradh chur i bhfeidhm na dtaraifí sóisialta, chun srian a chur ar na costais imfhálaithe do sholáthróirí.

**5. Idirnascadh**

Thug an Bheilg tiomantas ina Plean um Athchóiriú Margaidh do roinnt tionscadail leanúnacha[10] le feabhas a chur ar a hidirnaisc le Ballstáit eile agus ar acmhainneacht inmheánach na heangaí. I dTuarascáil Faireacháin I, cuireann an Bheilg in iúl go bhfuil Oibreoir Córais Tarchurtha na Beilge (dá ngairtear 'OCT' anseo feasta) ag imscrúdú córas nua hibrideach idir an Bheilg agus an Danmhairg, arb é is cuspóir dó idirnasc féideartha a bheartú le mol fuinnimh i gcrios eacnamaíoch na Danmhairge sa Mhuir Thuaidh.

Thug an Bheilg tiomantas ina Plean um Athchóiriú Margaidh chun níos mó acmhainneachta a chur ar fáil le haghaidh malartuithe trasteorann. Ó mhí Aibreáin 2018, cuireadh 20 % ar a laghad ar fáil don trádáil (an riail 'minRAM 20 %'), agus ó mhí Aibreáin 2020, cuirtear níos mó acmhainneachta ar fáil a bhuí le cur chun feidhme Airteagal 16(8) den Rialachán Leictreachais (an riail '70 % íosta', arna cur in oiriúint ar an leibhéal náisiúnta ar bhonn an mhaolaithe atá formheasta). Níor tugadh aon ghníomhaíocht shonrach le fios i gcomhthéacs Thuarascáil Faireacháin I.

Tuairiscíonn an Bheilg ina Tuarascáil Faireacháin I go bhfuil forbairtí iomaíocha ar leibhéal an Aontais tar éis moill a chur leis an gCroí-Mhargadhchúpláil Sreabhadhbhunaithe, a raibh coinne lena dátaí seolta faoin 1 Nollaig 2020 don cheann lá roimh ré agus faoin 1 Nollaig 2021 don cheann ionlae. Tá sprioc nua socraithe ag an mBeilg le haghaidh dhátaí seolta na Croí-Mhargadhchúplála Sreabhadhbhunaithe don 1 Feabhra 2022 agus don 1 Feabhra 2023[11].

## 2.2. AN PHOLAINN

Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Faireacháin I na Polainne, tá an Pholainn ag cur na n-athchóirithe sa mhargadh leictreachais a glacadh sa Phlean um Athchóiriú Margaidh[12] chun feidhme ó mhí na Bealtaine 2020.

**1. Coinníollacha ginearálta maidir le praghas mórdhíola**

Léiríonn an Pholainn ina Tuarascáil Faireacháin I go bhfuil na hathchóirithe don mhargadh mórdhíola ar tugadh tiomantas ina leith ina Plean um Athchóiriú Margaidh curtha chun feidhme de réir an sceidil. Thug an Pholainn le fios ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh nach mbíonn caidhpeanna praghsanna i bhfeidhm aici seachas praghsanna imréitigh uasta agus íosta comhchuibhithe a chur i bhfeidhm le haghaidh na cúplála aonair lá roimh ré agus ionlae i gcomhréir le hAirteagal 41(1) agus Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) 2015/1222[13] ón gCoimisiún (dá ngairtear rialachán CACM anseo feasta). Chuir an Pholainn athchóiriú chun feidhme i measc nithe eile lena gceadaítear do gach rannpháirtí sa mhargadh tairiscint a dhéanamh nó chun a gcuid tairiscintí fuinnimh a athrú ar a laghad go dtí am dúnta an gheata ionlae.

---

10 ALEGrO, NEMO agus BRABO

11 Tá athrú tagtha ar an gcás i gcomparáid leis an gceann ar a dtugtar tuairisc sa Tuarascáil Faireacháin a foilsíodh i mí Iúil 2021: D'fhógair an Bheilg, in éineacht leis na páirtithe sa tionscadal a mbíonn baint acu leis an tionscadal lá roimh ré sa Chroí-Mhargadhchúpláil Sreabhadhbhunaithe (Croí-FB MC), seoladh rathúil an tionscadail an 8 Meitheamh 2022. Foinse: https://www.eliagroup.eu/en/news/press-releases/2022/06/20220609_flow-based-market-coupling-mechanism-extended-to-all-13-countries

12 https://energy.ec.europa.eu/system/files/2020-05/pl_adopted_opinion_en_0.pdf

13 Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta

agus le bainistiú ar phlódú, 25.7.2015, IO L 197, lch. 24

Thug an Pholainn le fios ina Tuarascáil Faireacháin I gur chuir sí deireadh le sraith sean-scéimeanna, lena n-áirítear an Cúltaca Teagmhasach fuar, an Oibríocht Idirghabhálach, an Clár DSR Éigeandála faoi Ráthaíocht, an Cúltaca Acmhainneachta Oibriúcháin. Ina theannta sin, de réir a Tuarascála Faireacháin I, déanfar margadh acmhainneachta na Polainne a athbhreithniú agus a chur in oiriúint ar bhonn tráthrialta do na forálacha a bheartaítear sa Rialachán Leictreachais, go háirithe de bhun Airteagal 22(5).

## 2. Margaí don chothromú

Mar a thuairiscítear ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh, tá sé mar aidhm ag an bPolainn a margadh don chothromú a athchóiriú ón mbonn aníos. Rinneadh na hathruithe a roinnt in dhá chéim ar leithligh, leis na dátaí comhlíonta tosaigh dlite in 2021 agus 2022 faoi seach. Tá sé i gceist leis an gcéad chéim: rannpháirtíocht na freagartha don éileamh (DSR), agus an stóráil don chothromú a chumasú, síneadh a chur leis an tréimhse chun tairiscint a thabhairt cothrom le dáta go dtí dúnadh an gheata ionlae agus méadú ar an bhfaireachán, feabhas a chur ar rialacha luachála agus socraíochta maidir le hathsheoladh, praghsáil éagothroime a athrú agus rialacha imréitigh ar mhaithe leis an arbatráiste a laghdú. Cuimsítear leis an dara céim d’athchóirithe cothromúcháin, a bhí dlite in 2022: an fhéidearthacht chun cúltaca aníos agus anuas a sholáthar ar leithligh, cur chun feidhme na n-athruithe ba ghá chun bheith rannpháirteach in ardáin chothromúcháin an Aontais, cur chun feidhme rialacha nuashonraithe maidir le pleanáil agus socraíocht le haghaidh soláthraithe seirbhíse cothromúcháin, agus cur chun feidhme an tsásra praghsála ganntanas teirce.

Cuireann an Pholainn in iúl ina Tuarascáil Faireacháin I gur cuireadh chun feidhme go hiomlán an chéad chéim sin ó mhí Eanáir 2021, cé is moite den bheart deireanach, a tháinig i bhfeidhm 1 bhliain amháin níos déanaí (mí Eanáir 2022). Os a choinne sin, tugann an Pholainn teachtaireacht ina Tuarascáil Faireacháin I gur cuireadh moill ar an dara céim d’athchóirithe de bharr fhairsinge na mbeart a bhí i gceist léi, agus an gá chun na bonneagair TF, dhlíthiúla agus ghnó a chur in oiriúint dóibh roimh ré. Beidh an dáta cur chun feidhme nua idir mí Eanáir agus an Mheithimh 2023 dá bharr sin, cé go bhfuil an obair ullmhúcháin ar siúl cheana féin.

## 3. Freagairt don éileamh

Mar a thug sí tiomantas ina Plean um Athchóiriú Margaidh, luann an Pholainn gur chuir sí athchóiriú chun feidhme lena gcumasófaí freagairt don éileamh chun bheith rannpháirteach i margaí leictreachais mórdhíola (lena n-áirítear margaí lá roimh ré agus ionlae), chomh maith le margaí don chothromú ó 2021. Sonraíonn an Pholainn gur féidir é sin a dhéanamh ina n-aonar nó trí mheán comhbhailitheoirí. Soiléiríonn an Pholainn go scaoilfear feidhmiúlachtaí breise mar chuid den dara céim d’athchóirithe cothromúcháin, ina mbeidh an fhreagairt don éileamh in ann acmhainneacht don chothromú a thairiscint freisin (ní hamháin fuinneamh cothromúcháin).

Sa bhreis air sin, maidir le rolladh amach na méadar cliste, thug an Pholainn le fios ina Plean um Athchóiriú Margaidh go rabhthas ag glacadh reachtaíocht nua maidir le cur in úsáid na méadar cliste (lena n-áirítear sceideal nua don chur in úsáid). Níor tugadh spriocdháta ar bith ina leith áfach.

Ina Tuarascáil Faireacháin I, tugann an Pholainn le fios gur glacadh an reachtaíocht nua maidir le cur in úsáid na méadar cianléite i mí Iúil 2021 mar chuid den leasú ar an Dlí Fuinnimh, lena n-áirítear sceideal mionsonraithe do shuiteáil méadar ag oibreoirí córais dáileacháin (OCDanna). Beidh siad feistithe in 80 % ar a laghad de theaghlaigh.

## 4. Margaí miondíola

Ba é dírialáil na bpraghsanna miondíola an phríomhghné d'athchóiriú an mhargaidh miondíola. Maidir leis an ngné sin, chuir an Pholainn eolas ar fáil trína Plean um Athchóiriú Margaidh nach ndearnadh aon chinneadh ina leith sin, agus go bhféadfadh gach custaiméir a bhí incháilithe do phraghsanna rialáilte tairiscintí le praghsanna neamhrialáilte a roghnú freisin.

Ina Tuarascáil Faireacháin I, fógraíonn an Pholainn gur tháinig dréachtleasú eile ar an Dlí Fuinnimh ó chur chun feidhme na Treorach Leictreachais. Áirítear air sin conradh nua miondíola lena mbaineann praghsáil dhinimiciúil, suíomh gréasáin ina dtugtar comparáid idir praghsanna a chruthú chun éascú don chumarsáid agus don aistriú, togra maidir le creat dlíthiúil d'oibriú na bpobal fuinnimh agus rialachán nua chun an t-aistriú miondíola a cheadú laistigh de 24 uair an chloig faoi 2026.

### 5. Idirnascadh

Tugann an Pholainn le fios go bhfuil na huasghráduithe ar an eangach a gheall sí curtha in úsáid aici, agus go ndearna sí obair shuntasach ina comhtháthú le cúpláil réigiúnach an mhargaidh. Go háirithe, bhí sí rannpháirteach i mí Feabhra 2021 sa tionscnamh Cúpláil Amháin Lá Roimh Ré (SDAC) agus i mí na Samhna 2019 sa tionscnamh Cúpláil Amháin Ionlae (SIDC). I mí an Mheithimh 2021, sheol an Pholainn an réiteach cúplála eatramhach um Ghlanacmhainneacht Tarchurtha (NTC) agus í ag ullmhú le haghaidh an Chomhtháthaithe sreabhadhbhunaithe mar chuid den teacht i bhfeidhm sa phríomhréigiún atá beartaithe le haghaidh mhí Aibreáin 2022.

Ina Plean um Athchóiriú Margaidh, thug an Pholainn le fios go leanfar le forfheidhmiú na srianta leithdháilte. Áitíonn an Pholainn gur cheart go maolófaí na héifeachtaí sin le soláthar na gcúltacaí cothromúcháin roimh SDAC, agus go bhfuil sé i gcomhréir le modheolaíocht ACER um Ríomh na Croí-Acmhainneachta[14].

Ina Tuarascáil Faireacháin I, chuir an Pholainn in iúl go gcuirfí moill ar an soláthar sin mar chuid den dara céim athchóirithe, agus go bhfuil moill curtha air dá réir go dtí 2023.

## 2.3. ÉIRE

Ina Tuarascáil Faireacháin, maíonn Éire go bhfuil ábhair imní aici maidir le leormhaitheas na giniúna leictreachais. Tagraíonn sí do Ráiteas um Acmhainneacht Giniúna a OCT (EirGrid)[15] a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2021 ina dtugtar réamhaisnéis maidir le ganntanas suntasach acmhainneachta de thuairim is 2 GW (timpeall ar aon trian den bhuaic-éileamh) faoi lár na deacáide. Measann Éire go bhfuil roinnt tosca éagsúla tar éis cur leis na ganntanais sin. Áirítear leo sin fás suntasach ar éileamh, giniúint inseolta ag imeacht ón margadh, rátaí méadaitheacha d'éarthaí éigeantacha giniúna, agus acmhainneacht inseolta theoranta nua ag teacht isteach sa mhargadh le blianta beaga anuas d'ainneoin an tsásra acmhainneachta. Cuireann Éire in iúl go bhfuil meath leanúnach freisin ar infhaighteacht flíteanna giniúna de bharr roinnt gléasraí níos sine a bheith ag imeacht ón gcóras i gcomhréir le spriocanna don dícharbónú agus chun teorainneacha astaíochtaí a chomhlíonadh.

---

14 Féach *Decision 02/2019 of the Agency Cooperation of Energy Regulators of 21 February 2019 on the proposal of the TSO of the Core Region on the regional design of common methodologies for calculating capacity for the day-ahead and intraday markets*[Cinneadh 02/2019 ón nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh an 21 Feabhra 2019 maidir leis an togra ó OCT an Chroí-Réigiúin maidir le dearadh réigiúnach na modheolaíochtaí coiteanna chun acmhainneacht a ríomh le haghaidh margaí lá roimh ré agus ionlae], lch. 20-22

15 https://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/208281-All-Island-Generation-Capacity-Statement-LR13A.pdf

Ina Tuarascáil Faireacháin I, breithníonn Éire an dul chun cinn atá déanta leis na bearta agus na hathchóirithe atá beartaithe in Plean um Athchóiriú Margaidh[16].

## 1. Coinníollacha ginearálta maidir le praghas mórdhíola

Thug Éire le fios ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh nach mbíonn caidhpeanna praghsanna i bhfeidhm aici seachas praghsanna imréitigh uasta agus íosta comhchuibhithe a chur i bhfeidhm le haghaidh na cúplála aonair lá roimh ré agus ionlae i gcomhréir le hAirteagal 41(1) agus Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) 2015/1222[17] ón gCoimisiún (dá ngairtear rialachán CACM anseo feasta). Ina Tuarascáil Faireacháin I, thug Éire le fios go raibh sí ag leasú na dteorainneacha praghais teicniúla den mhargadh ionlae.

Cuireann Éire in iúl ina Tuarascáil Faireacháin I go bhfuil an VoLL don i-SEM (Margadh Leictreachais Aonair) á athríomh faoi láthair ar bhonn suirbhéanna i measc custaiméirí i gcomhréir le modheolaíocht ACER[18] de bhun an Rialacháin Leictreachais. Tá coinne leis go dtabharfar VoLL nua aonair isteach i R2 2022.

## 2. Margaí don chothromú

Míníonn Éire ina Tuarascáil Faireacháin I go bhfuil sraith beart curtha chun feidhme in am aici maidir le soláthar seirbhísí córais iomaíocha a tuaradh faoin gclár DS3 (Córas Leictreachais Slán agus Inbhuanaithe a Sholáthar). Tá coinne leis go dtabharfar na socruithe seirbhíse le haghaidh DS3/an chórais iomaíoch i gcrích faoi 2025.

Ina Plean um Athchóiriú Margaidh, thug Éire le fios go mbeadh sí rannpháirteach in Ardáin chothromúcháin an Aontais le haghaidh cúltacaí athsholáthair (RR) agus mFRR i gcomhréir le hAirteagail 19 agus 20 den Treoirlíne maidir le Cothromú, cé nach raibh aon amlíne shonrach i gceist leis. Tá próiseas comhairliúcháin ar siúl maidir leis an méid sin.

Ina theannta sin, ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh, measann Éire go dtiocfaidh athrú ar bhonnphraghas teirce i-SEM, atá socraithe ag 25 % VoLL, tar éis leasú ar VoLL. Áitíonn Éire go gcreidtear go n-ardófar leis sin an dreasacht soláthair le haghaidh na giniúna agus na freagartha don éileamh agus go gcuirfear feabhas ar an leormhaitheas léi.

## 3. Freagairt don éileamh

Thug Éire tiomantas ina Plean um Athchóiriú Margaidh chun bearta a thabhairt isteach chun freagairt don éileamh a chothú. I dtéarmaí fhreagairt don éileamh atá bunaithe ar phraghsanna, chuir Éire in iúl ina Tuarascáil Faireacháin I go bhfuil taraif an ama úsáide tugtha isteach aici ón 26 Feabhra 2021. Seoladh seirbhísí cliste eile amhail cianléamh, billí cliste agus rochtain ar fhaisnéis maidir le hídiú stairiúil an tráth céanna. Thug Éire bearta isteach chun spreagadh a thabhairt don fhreagairt fhollasach don éileamh (dreasacht-bhunaithe) trí aonaid an éilimh a dhíolmhú ó íocaíochtaí rogha iontaofachta i gcás ina soláthraítear an t-éileamh conraithe.

Maidir le rolladh amach na méadar cliste, thug Éire tiomantas ina Plean um Athchóiriú Margaidh do rolladh amach iomlán faoi 2025. Ina Tuarascáil Faireacháin I, tuairiscíonn Éire, de bharr phaindéim Covid-19, bheartais náisiúnta agus thrasuí na Treorach Leictreachais, go ndearnadh cleachtadh athmheasta raon feidhme le haghaidh Chéim 2 (2021-2022), agus as sin gur cuireadh síneadh 9 mí ar dháta deiridh Chéim 2 agus tús feidhme Chéim 3 (2023-2024). Os a choinne sin, tugadh Céim 1 (2019–2020) i gcrích go rathúil le suiteáil tuairim is 250 000 méadar cliste mar chuid den Chlár Náisiúnta um Méadrú Cliste.

---

16 https://energy.ec.europa.eu/system/files/2020-05/adopted_opinion_ireland_en_2.pdf

17 Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus le bainistiú ar phlódú, 25.7.2015, IO L 197, lch. 24

18 Microsoft Word - VOLL CONE RS - Iarscríbhinn I (europa.eu)

### 4. Margadh miondíola

Ina Plean um Athchóiriú Margaidh, thug Éire le fios nach raibh aon phraghas rialáilte le fáil ar a margadh miondíola. Is amhlaidh dá réir nár ghlac Éire tuilleadh gníomhaíochta ina leith sin.

### 5. Idirnascadh

I dtéarmaí fhorbairt na heangaí, tá Éire tar éis dhá sprioc thábhachtacha nua a shocrú ina Tuarascáil Faireacháin I le haghaidh fhorbairt na heangaí. Ar an gcéad dul síos, d'fhoilsigh a OCT (Eirgrid) Treochlár[19], ina dtuartar uasghráduithe agus síntí móra leis an gcóras tarchurtha leictreachais[20]. Ar an dara dul síos, ina Plean um Athchóiriú Margaidh, thug Éire breac-chuntas ar phleananna chun eangach leictreachais eischósta a fhorbairt, in éineacht le hidirnasc nua, leis an rún chun 3.5GW ar a laghad d'fhuinneamh gaoithe eischósta a nascadh trí cheantanna iomaíocha faoi 2030. Ina Tuarascáil Faireacháin I, tugadh an sprioc sin cothrom le dáta chuig 5 GW d'fhuinneamh gaoithe eischósta faoi 2030 i gClár Rialtais 2020[21].

I dtéarmaí idirnascadh feabhsaithe, maíonn Éire ina Tuarascáil Faireacháin I go bhfuil dul chun cinn déanta aici le creataí rialála a fhorbairt chun tacú le dhá idirnascaire nua a sholáthar (an tIdirnascaire Ceilteach[22] - a bhfuil coinne lena choimisiúnú faoi 2025/2026 - agus an tIdirnascaire *Greenlink*[23] - a bhfuil coinne lena choimisiúnú faoi 2024). A mhéid a bhaineann leis an Idirnascaire Thuaidh-Theas, cuireann Éire in iúl ina Tuarascáil Faireacháin I gur bhfuil moill curtha lena thógáil, cé go bhfuil coinne lena chur ar aghaidh chun tosú ar an tógáil. De réir Phlean na hÉireann um Athchóiriú Margaidh, bhí coinne lena thosú in 2020.

## 2.4. AN LIOTUÁIN

Tuairiscíonn an Liotuáin ina Plean Faireacháin torthaí an ionchais leormhaitheasa mar a tuairiscíodh i bPlean Forbartha Gréasáin Náisiúnta 10 mbliana OCT (Litgrid). Tuairiscíonn sí go bhfuil córas leictreachais na Liotuáine spleách go mór ar idirnaisc, agus dá réir sin ar allmhairí ó chórais chomharsanacha, ach go bhfuil sé fós laistigh de na teorainneacha leormhaitheasa, arna socrú ag an Dlí um Fhuinneamh Leictreachais de chuid Phoblacht na Liotuáine. Le tabhairt isteach na mbeart solúbthachta (amhail saoráidí stórála leictreachais), in éineacht le comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite, imrítear tionchar dearfach ar leormhaitheas an chórais. Cuireann an Liotuáin in iúl go bhfuil OCT ag déanamh measúnú leormhaitheasa nua i gcomhréir le modheolaíocht ERAA, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh agus meastar go mbeidh na torthaí ar fáil faoi lár 2022. Thairis sin, de réir an Dlí um Leictreachas, beidh ar an údarás náisiúnta rialála caighdeán iontaofachta nua a leagan síos faoin 1 Bealtaine 2022.

---

[19] EirGrid, 2021, *Shaping Our Electricity Future Roadmap* [Treochlár chun Todhchaí ár Leictreachais a Mhúnlú], atá ar fáil ag: https://www.eirgridgroup.com/the-grid/shaping-our-electricity-f/

[20] ina measc, d'ullmhaigh EirGrid iarratas pleanála le haghaidh Thionscadal Chonnacht Thuaidh 110kV a bhfuiltear ag súil lena chur isteach go luath in 2022, agus má éiríonn leis, chuirfí tús leis an gcéim tógála den tionscadal in 2023

[21] https://www.rte.ie/documents/news/2020/06/draft-programme-for-govt.pdf

[22] Leis an Idirnascaire Ceilteach, a bhfuil coinne lena choimisiúnú in 2026, nascfar córais tarchurtha leictreachais na hÉireann agus na Fraince, lena mbainfidh acmhainneacht 700MW.

[23] Tá an tIdirnascaire *Greenlink*pleanáilte lena choimisiúnú in 2024, agus tá sé beartaithe na heangacha tarchurtha in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag a nascadh le chéile lena mbainfidh acmhainneacht 500MW. D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais comhairliúchán maidir leis an tsamhail gnóthaithe costas atá molta le haghaidh EirGrid i bhforbairt an idirnascaire leictreachais Cheiltigh an 2 Meitheamh 2021. D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a pháipéar cinnidh freisin maidir leis an gcreat rialála um Chaidhp agus Bonnphraghas le haghaidh an idirnascaire leictreachais *Greenlink* an 30 Meán Fómhair 2021.

Ina Tuarascáil Faireacháin, tugann an Liotuáin nuashonrú maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na mbeart seo a leanas a moladh ina Plean um Athchóiriú Margaidh[24]:

## 1. Coinníollacha ginearálta maidir le praghas mórdhíola

Thug an Liotuáin le fios ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh nach mbíonn caidhpeanna praghsanna i bhfeidhm aici seachas praghsanna imréitigh uasta agus íosta comhchuibhithe a chur i bhfeidhm le haghaidh na cúplála aonair lá roimh ré agus ionlae i gcomhréir le hAirteagal 41(1) agus Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) 2015/1222[25] ón gCoimisiún (dá ngairtear rialachán CACM anseo feasta).

Ina Tuarascáil Faireacháin I, tugann an Liotuáin le fios gur aontaigh na Stáit Bhaltacha chun lárionad comhordúcháin réigiúnach a chur ar bun i gcomhréir le hAirteagail 34 go 47 den Rialachán Leictreachais i dTaillinn (an Eastóin) agus tá tús curtha in am leis an obair le húdaráis náisiúnta rialála na Stát Baltach ina leith sin.

## 2. Margaí don chothromú

Ina Plean um Athchóiriú Margaidh, thug an Liotuáin tiomantas chun bloc Rialaithe Lódmhinicíochta (LFC) aonair a chruthú in éineacht le OCTanna Baltacha eile faoi dháta shioncronú an Aontais, rud a cheadódh do thoisiú FRR ar leibhéal réigiúnach Baltach. Chun na críche sin, chuir an Liotuáin in iúl ina Tuarascáil Faireacháin I, go bhfuil comhaontú coincheapúil ina bhfuil modheolaíocht mhionsonraithe tugtha i gcrích.

Thug an Liotuáin le fios ina Tuarascáil Faireacháin I gur cuireadh moill ar na bearta seo a leanas go dtí go mbeidh an Liotuáin rannpháirteach in Ardán an Aontais le haghaidh mFRR i gcomhréir le hAirteagal 20 den Treoirlíne maidir le Cothromú (a bhfuil coinne léi i R3-R4 2023):

- Tréimhse réitigh míchothromaíochta 15 nóiméad a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 53 den Treoirlíne maidir le Cothromú atá dlite an 1 Eanáir 2021;
- Baint na gcaidhpeanna praghais ar fhuinneamh don chothromú (e.g. ar fud na dtíortha Baltacha 5000 €/MWh) seachas na teorainneacha praghais teicniúla arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 30(2) den Treoirlíne maidir le Cothromú atá dlite faoi 2023 ar a dhéanaí;
- Feidhm praghsála teirce a thabhairt isteach (dlite a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná seoladh ardán an Aontais le haghaidh mFRR). Thug an Liotuáin tiomantas maidir le measúnú a dhéanamh ar a hinfheidhmeacht i leith páirtithe freagracha cothromúcháin agus soláthraithe seirbhíse cothromúcháin araon. Ina Tuarascáil Faireacháin I, chuir an Liotuáin in iúl gur tháinig forálacha dlíthiúla i bhfeidhm maidir le VoLL a ríomh in 2021.

I dtéarmaí rannpháirtíochta in ardáin chothromúcháin an Aontais, thug an Liotuáin le fios ina Tuarascáil Faireacháin I:

- Go bhfuil coinne le rannpháirtíocht in Ardán an Aontais le haghaidh mFRR i gcomhréir le hAirteagal 20 den Treoirlíne maidir le Cothromú i gcomhthráth leis na OCTanna Nordacha (e.g. timpeall ar R3-R4 2023) i bhfianaise na nasc atá ann idir na margaí Baltacha agus Nordacha.

---

[24] https://energy.ec.europa.eu/system/files/2020-05/adopted_opinion_lt_en_2.pdf

[25] Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta
agus le bainistiú ar phlódú, 25.7.2015, IO L 197, lch. 24

- Tá rannpháirtíocht in ardán an Aontais le haghaidh aFRR i gcomhréir le hAirteagal 21 den Treoirlíne maidir le Cothromú fós beartaithe faoi thráth shioncronú an Aontais (mí Eanáir 2025). Thug an Liotuáin le fios go bhfuil a OCT (Litgrid) rannpháirteach sa tionscadal mar bhreathnóir.
- Tá rannpháirtíocht in ardán an Aontais amach anseo maidir le glanluacháil neamhchothroime i gcomhréir le hAirteagal 22 den Treoirlíne maidir le Cothromú fós beartaithe faoi thráth shioncronú an Aontais (mí Eanáir 2025).
- Tá an rannpháirtíocht sna tionscnaimh atá ann faoi láthair maidir le soláthar comhpháirteach d’acmhainní FCR spleách go fóill ar rannpháirtíocht na dtíortha comharsanacha. Déanfar í a bhreithniú ar a luaithe tar éis shioncronú an Aontais.

**3. Freagairt don éileamh**

Thug an Liotuáin gealltanas ina Plean um Athchóiriú Margaidh chun méadair chliste a rolladh amach in dhá chéim (faoi mhí na Nollag 2023 le haghaidh custaiméirí teaghlaigh a ídíonn níos mó ná 1000 kWh in aghaidh na bliana, agus tar éis 2024 le haghaidh custaiméirí teaghlaigh a ídíonn níos lú ná 1000 kWh in aghaidh na bliana). Ina Tuarascáil Faireacháin I míníonn an Liotuáin go ndearnadh anailís tosaigh ar an réiteach leis an díoltóir buacach, inar thángthas ar an gconclúid gur ghá an bonneagar fisiceach agus na bogearraí cibearshlándála a shuiteáil agus a thástáil roimh ré chun costais agus rioscaí a laghdú. Dá dheasca sin, tá an rolladh amach ar tí tosú i R1 2022 agus le bheith curtha i gcrích in 2025 (beartaíodh an cur i gcrích tosaigh go luath in 2023). D’ainneoin an athraithe sin, tugann an Liotuáin dá haire go fóill, faoi 2023, go mbeidh 80 % den leictreachas arna sholáthar trí Oibreoirí Córais Dáileacháin feistithe le méadair chliste.

Ina Plean um Athchóiriú Margaidh, thug an Liotuáin tiomantas chun comhbhailitheoir neamhspleách a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2021, chun éascú do rannpháirtíocht freagartha follasaí don éileamh. Ina Tuarascáil Faireacháin I thug an Liotuáin le fios gur formheasadh na leasuithe rialála in 2020 chun rannpháirtíocht na freagartha don éileamh sa mhargadh a chumasú; ní thiocfaidh freagairt don éileamh trí chomhbhailiúchán i mbun oibre ó mhí Eanáir 2022 áfach.

I gcomhthreo leis sin, thug an Liotuáin tiomantas ina Plean um Athchóiriú Margaidh chun ardán láraithe a bhunú faoi dheireadh 2023 chun sonraí ídithe leictreachais a bhailiú agus a chomhroinnt le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh. De réir Thuarascáil Faireacháin I, ba cheart go soláthrófaí an pacáiste sin in am. Táthar tar éis forbairtí teicniúla a chur i gcrích de réir an sceidil go dtí seo.

**4. Margaí miondíola**

Is é an próiseas dírialála praghsanna an príomhbheart a bhaineann leis an margadh miondíola sa Liotuáin. Thug an Liotuáin gealltanas ina Plean um Athchóiriú Margaidh chun gach conradh praghais rialáilte a fhoirceannadh i dtrí chéim (ag tosú ón 1 Eanáir 2021 agus go dtí 1 Eanáir 2023) atá bunaithe ar ídiú bliantúil tomhaltóirí. Ina Tuarascáil Faireacháin I, thuairiscigh an Liotuáin gur chuir sí an chéad chéim den léirscaoileadh le haghaidh tomhaltóirí a ídíonn níos lú ná 5000 kWh sa bhliain chun feidhme. Thug sí le fios dá ainneoin sin gur bhain moill leathbhliana (idir mí Eanáir agus mí Iúil 2022) leis an dara céim (i.e. le haghaidh tomhaltóirí a ídíonn níos lú ná 1000 kWh sa bhliain) chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh agus chun brú ard ar thomhaltóirí spriocdhírithe a sheachaint.

**5. Idirnascadh**

I gcomhthéacs shioncronú chóras leictreachais na dtíortha Baltacha leis an Líonra Ilchríochach Eorpach, thug an Liotuáin tiomantas ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh

chun cumarsáid a dhéanamh go tráthúil, i gcomhordú lena comharsana san Aontas, maidir le fabhrú dóchúil na hacmhainneachta idirnascaire amach anseo, leis na rannpháirtithe sa mhargadh. Baineann tábhacht leis an gcinnteacht faoi mhéid na hacmhainneachta idirnascaire a bheidh ar fáil amach anseo do rannpháirtithe sa mhargadh le bheith in ann cinntí eolasacha a dhéanamh faoi infheistíochtaí sa ghiniúint agus sa fhreagairt don éileamh. Tuairiscíonn an Liotuáin go bhfuil an beart seo curtha chun feidhme.

## 3. BARÚLACHA

Tá na barúlacha seo a leanas ag an gCoimisiún faoi chur chun feidhme na mbeart mar a tuairiscíodh sna Tuarascálacha Faireacháin de chuid na gceithre Bhallstát atá faoi réir anailís na tuairime seo. Mar bhreithniú ginearálta, athdhearbhaíonn an Coimisiún go mbeidh cur chun feidhme críochnúil na rialacha atá molta mar chuid den phacáiste ‘Fuinneamh glan le haghaidh gach Eorpach’[26] fíor-riachtanach chun a áirithiú go dtarlóidh an t-aistriú chuig córas fuinnimh aeráidneodrach leis an gcostas is lú, agus go gcoinnítear slándáil an tsoláthair le linn an aistrithe.

Dírítear measúnú an Choimisiúin ar na gnéithe seo a leanas:

– Dul chun cinn i dtéarmaí chur chun feidhme na n-athchóirithe atá molta ag an mBallstát ina Plean um Athchóiriú Margaidh faoi seach

– Moilleanna ar chur chun feidhme na n-athchóirithe atá molta ag an mBallstát ina Phlean um Athchóiriú Margaidh

– Bearta nua atá molta ag Ballstáit ina dTuarascáil Faireacháin is déanaí

– Rannchuidiú na mbeart a cuireadh chun feidhme chun an t-ábhar imní leormhaitheasa sa Bhallstát a laghdú

### 3.1. AN BHEILG

*Dul chun cinn*

Is díol sásaimh don Choimisiún iarrachtaí na Beilge chun an chuid is mó de na bearta a áiríodh ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh a sholáthar in am. Iarrann an Coimisiún ar an mBeilg leanúint le cur chun feidhme na mbeart sin d’fhonn aon saobhadh rialála sainaitheanta nó teipeanna margaidh a dhíothú agus chun faoiseamh a thabhairt d’ábhair imní faoi leormhaitheas acmhainní.

Is díol sásaimh don Choimisiún go háirithe an dul chun cinn atá déanta ar athchóiriú an mhargaidh don chothromú.

*Moilleanna ar chur chun feidhme na n-athchóirithe*

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil moill bheag curtha ar chur chun feidhme na Croí-Chúplála Sreabhadhbhunaithe (Croí-FB MC) de bharr forbairtí iomaíocha ar leibhéal an Aontais. Tuigeann an Coimisiún idir an dá linn go bhfuil cur chun feidhme Chroí-FB MC tar éis athrú ón méid a tuairiscíodh i dTionscadal Faireacháin na Beilge, agus is díol sásaimh dó seoladh rathúil an tionscadail an 8 Meitheamh 2022[27].

*Bearta nua*

---

[26] https://ec.europa.eu/energy/en/topics/energy-strategy/clean-energy-all-europeans

[27] Foinse: https://www.eliagroup.eu/en/news/press-releases/2022/06/20220609_flow-based-market-coupling-mechanism-extended-to-all-13-countries

Is díol sásaimh don Choimisiún an sprioc nua atá molta ag an mBeilg ina Tuarascáil Faireacháin, rud a thug ar aghaidh cur in úsáid na méadar cliste i bhFlóndras chuig 100 % de chustaiméirí faoi 2029 (in ionad 2034).

*Barúlacha eile*

Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil sé ar intinn ag an mBeilg síneadh a chur lena cúltaca straitéiseach thar an sprioc-am a shocraítear sa chinneadh maidir le Státchabhair[28] (deireadh mhí an Mhárta 2022).

*Rannchuidiú na mbeart a cuireadh chun feidhme chun an t-ábhar imní leormhaitheasa a laghdú*

Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil faisnéis i dTuarascáil Faireacháin I na Beilge faoi éifeachtaí na mbeart a glacadh maidir le leormhaitheas acmhainní, agus iarrann ar an mBeilg míniú a thabhairt cé acu a rannchuidigh nó nár rannchuidigh na bearta a cuireadh chun feidhme le hábhair imní leormhaitheasa a laghdú nó le haghaidh a thabhairt orthu, agus conas a rannchuidigh siad leo. Go sonrach, iarrann an Coimisiún ar an mBeilg faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a glacadh agus a dtionchar ar leormhaitheas acmhainní a chainníochtú.

## 3.2. AN PHOLAINN

*Dul chun cinn*

Tá tuarascáil faireacháin na Polainne cuibheasach gearr, ach cumhdaítear léi mar sin féin na bunphointí a chuirtear i láthair sa phlean cur chun feidhme deiridh. Is díol sásaimh don Choimisiún go ginearálta an dul chun cinn atá déanta ag an bPolainn chun na hathchóirithe atá molta ina Plean um Athchóiriú Margaidh a chur chun feidhme. Iarrann an Coimisiún ar an bPolainn leanúint le cur chun feidhme na mbeart sin chun aon saobhadh rialála sainaitheanta nó cliseadh margaidh a dhíothú agus chun ábhair imní faoi leormhaitheas acmhainní a mhaolú.

Go háirithe, is díol sásaimh don Choimisiún an deireadh a cuireadh le sraith scéimeanna sa Pholainn le linn 2021 (amhail an cúltaca teagmhasach fuachta, clár freagartha éigeandála don éileamh faoi ráthaíocht, an cúltaca acmhainneachta oibriúcháin). Is díol sásaimh don Choimisiún freisin gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an bPolainn chun rannpháirtíocht na freagartha don éileamh agus imscaradh na méadar cliste a éascú.

*Moilleanna ar chur chun feidhme na n-athchóirithe*

Cé go n-aithníonn an Coimisiún an dul chun cinn maith atá déanta ag an bPolainn chun an chéad chéim d'athchóirithe le haghaidh na n-athchóirithe cothromúcháin a chur i gcrích, is cúis aiféala dó gur chinn an Pholainn an dara céim de na hathchóirithe cothromúcháin a chur siar go 2023. B'in é an chúis leis an moill ar líon áirithe beart a bhí beartaithe ar dtús go luath in 2022 (amhail rannpháirtíocht in ardán an Aontais, baint na dteorainneacha praghais, cur chun feidhme na feidhme praghsála teirce). Molann an Coimisiún go gcuirfear na hathchóirithe sin chun feidhme a luaithe is féidir.

Ceadaítear do Bhallstáit le hAirteagal 5 den Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais rialáil praghsanna a chur i bhfeidhm a fhéadfaidh feidhmiú mar cheann de na bearta chun cuidiú le tomhaltóirí a chosaint sna himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair. Mar a tugadh

[28] SA.48648 (2017/NN) - an Bheilg - Cúltaca Straitéiseach, C(2018) 589 final, IO C 121, 6.4.2018, lgh. 1–13

breac-chuntas air sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta áfach[29], ba cheart don Pholainn treochlár a chur le scéim den sórt sin ina mbeadh garspriocanna chun praghsanna rialáilte a bhaint in am, leis an aidhm chun filleadh ar iomaíocht iomlán ar bhonn leibhéal nua an phraghais mhórdhíola. Ba cheart na garspriocanna a chur le bearta eile chun iomaíocht éifeachtach a bhaint amach, go háirithe cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Chaibidil III den Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais.

*Bearta nua*

Tacaíonn an Coimisiún le tabhairt isteach beart miondíola nua (i.e. conradh le praghsáil dhinimiciúil, uirlis comparáide praghsanna, creat dlíthiúil d'oibriú na gcomhphobal agus na gcomhbhailitheoirí fuinnimh, rialachán nua chun ceadú don aistriú miondíola laistigh de 24 uair an chloig faoi 2026). Leis na bearta sin méadófar an t-iomaíochas miondíola agus solúbthacht an chórais, agus d'fhéadfaidís rannchuidiú le custaiméirí leochaileacha a shainaithint agus tacú leo, agus rannchuidiú le laghdú na bochtaineachta fuinnimh. Is díol sásaimh don Choimisiún plean na Polainne reachtaíocht nua a ghlacadh maidir le rolladh amach na méadar cliste, mar a thug an Pholainn le fios ina Plean um Athchóiriú Margaidh, agus iarrann sé ar an bPolainn spriocdháta soiléir a shocrú do chur in úsáid na méadar cliste.

*Barúlacha eile*

Ina Thuairim maidir le plean cur chun feidhme na Polainne[30], d'iarr an Coimisiún ar an bPolainn a áirithiú go mbainfidh a OCT a shrianta onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin a luaithe is féidir agus in aon chás tráth nach déanaí ná an uair a thabharfaidh sí isteach próiseas soláthar um acmhainneacht don chothromú. Ina Plean um Athchóiriú Margaidh, thug an Pholainn le fios nach mbainfear na srianta leithdháilte, ach gur cheart go mbeadh an tionchar laghdaithe den chuid is mó le cur chun feidhme sholáthar sainráite na n-acmhainneachtaí don chothromú roimh an gcúpláil lá amháin roimh ré. Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Pholainn in iúl ina Plean Faireacháin go gcuirfí moill ar an soláthar sin go dtí 2023. Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thuairimí ón Tuairim ón gCoimisiún uaidh maidir leis an bPlean um Athchóiriú Margaidh chun srianta leithdháilte a bhaint de na hidirnascairí.

*Rannchuidiú na mbeart a cuireadh chun feidhme chun an t-ábhar imní leormhaitheasa a laghdú*

Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil faisnéis i dTuarascáil Faireacháin I na Polainne faoi éifeachtaí na mbeart a glacadh maidir le leormhaitheas acmhainní, agus iarrann ar an bPolainn míniú a thabhairt cé acu a rannchuidigh nó nár rannchuidigh na bearta a cuireadh chun feidhme le hábhair imní leormhaitheasa a laghdú nó le haghaidh a thabhairt orthu, agus conas a rannchuidigh siad leo. Go sonrach, iarrann an Coimisiún ar an bPolainn faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a glacadh agus a dtionchar ar leormhaitheas acmhainní a chainníochtú.

[29] An tAontas Eorpach: An Coimisiún Eorpach, *REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe*, 8 Márta 2022, COM(2022) 108 final, atá ar fáil ag: https://energy.ec.europa.eu/system/files/2022-03/REPowerEU_Communication_with_Annexes_EN.pdf

[30] An tAontas Eorpach: An Coimisiún Eorpach, *Tuairim de bhun Airteagal 20(5) de Rialachán (CE) Uimh. 2019/943 maidir le plean cur chun feidhme na Polainne*, 16 Márta 2020, C(2020) 1564 final, atá ar fáil ag: https://energy.ec.europa.eu/system/files/2020-05/pl_adopted_opinion_en_0.pdf

## 3.3. ÉIRE

*Dul chun cinn*

Tugann an Coimisiún dá aire tiomantas na hÉireann bearta leantacha a dhéanamh ar na hathchóirithe agus bearta atá molta ina Plean um Athchóiriú Margaidh, agus tugann sé spreagadh d'Éirinn an leibhéal céanna tiomantais a choinneáil chun feidhmiú margaidh a fheabhsú a thuilleadh, agus chun na spriocanna a leagtar amach sa Phlean um Athchóiriú Margaidh a chomhlíonadh.

Go sonrach, is díol sásaimh don Choimisiún an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn maidir le hathchóirithe sa mhargadh don chothromú a chur chun feidhme, bearta chun freagairt don éileamh a chothú agus an dul chun cinn maidir le creataí rialála le haghaidh idirnascairí nua (an tIdirnascaire Ceilteach agus *Greenlink*).

*Moilleanna ar chur chun feidhme na n-athchóirithe*

Tugann an Coimisiún dá aire gur bhain moill bheag do roinnt beart, agus iarrann ar Éirinn cloí leis na hamlínte a leagtar amach sa Tuarascáil Faireacháin I a cuireadh isteach le tuilleadh moille a sheachaint. Go sonrach, cé gur díol sásaimh don Choimisiún cur i gcrích chéim 1 den rolladh amach méadar cliste, tugann sé dá aire an mhoill i dtéarmaí chur chun feidhme chéim 2 agus 3. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire an mhoill bheag i dtéarmaí thosach na tógála ar an Idirnascaire Thuaidh-Theas.

*Bearta nua*

Is díol sásaimh don Choimisiún tabhairt isteach beart nua i dTuarascáil Faireacháin I na hÉireann, go háirithe na spriocanna nua le haghaidh fhorbairt na heangaí eischósta.

*Barúlacha eile*

Sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le Plean na hÉireann um Athchóiriú Margaidh[31], chuir an Coimisiún i dtábhacht a thábhachtaí atá sé d'Éirinn a bheith rannpháirteach in Ardáin chothromúcháin an Aontais a luaithe a bheidh sí idirnasctha le margadh comhtháite leictreachais an Aontais. Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon dáta leagtha síos dó sin sa Phlean deiridh um Athchóiriú Margaidh.

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht freisin gur cheart go mbreithneodh Éire nár cheart modhnú féideartha bhonnphraghas teirce i-SEM a chur i bhfeidhm ar pháirtithe freagracha cothromúcháin amháin, ach gur cheart é a chur i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhíse cothromúcháin freisin a sholáthraíonn fuinneamh don chothromú do OCT. Níor chuir údaráis na hÉireann an bharúil sin maidir le feidhm praghsála ganntanais a chur chun feidhme san áireamh ina Plean deiridh um Athchóiriú Margaidh.

Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil meath ag teacht ar staid na slándála soláthair in Éirinn, d'ainneoin an tsásra acmhainneachta. Molann an Coimisiún d'Éirinn aon fhabht i ndearadh an tsásra acmhainneachta nó cúiseanna eile óna dtagann easpa infheistíochta leordhóthanaí a shainaithint a luaithe is féidir, agus iarrann ar Éirinn plé a dhéanamh leis an gCoimisiún ar roghanna chun an cás a réiteach.

*Rannchuidiú na mbeart a cuireadh chun feidhme chun an t-ábhar imní leormhaitheasa a laghdú*

---

31 An tAontas Eorpach: An Coimisiún Eorpach, *Tuairim de bhun Airteagal 20(5) de Rialachán (CE) Uimh. 2019/943 maidir le plean cur chun feidhme Phoblacht na hÉireann*, 30 Aibreán 2020, C(2020) 2657 final, atá ar fáil ag: https://energy.ec.europa.eu/system/files/2020-05/adopted_opinion_ireland_en_2.pdf

Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil faisnéis i dTuarascáil Faireacháin I na hÉireann faoi éifeachtaí na mbeart a glacadh maidir le leormhaitheas acmhainní, agus iarrann ar Éirinn míniú a thabhairt cé acu a rannchuidigh nó nár rannchuidigh na bearta a cuireadh chun feidhme le hábhair imní leormhaitheasa a laghdú nó le haghaidh a thabhairt orthu, agus conas a rannchuidigh siad leo. Go sonrach, iarrann an Coimisiún ar Éirinn faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a glacadh agus a dtionchar ar leormhaitheas acmhainní a chainníochtú.

## 3.4. AN LIOTUÁIN

*Dul chun cinn*

Is díol sásaimh don Choimisiún go ginearálta an dul chun cinn atá déanta ag an Liotuáin i gcur chun feidhme na mbeart agus na n-athchóirithe atá molta ina Plean um Athchóiriú Margaidh agus tugann sé spreagadh don Liotuáin an leibhéal céanna tiomantais a choinneáil chun feidhmiú margaidh a fheabhsú a thuilleadh, agus chun na spriocanna a leagtar amach sa Phlean um Athchóiriú Margaidh a chomhlíonadh.

*Moilleanna ar chur chun feidhme na n-athchóirithe*

Tugann an Coimisiún dá aire go mbaineann roinnt moilleanna don Liotuáin trí chéile le haghaidh an chuid is mó de na hathchóirithe sa mhargadh don chothromú. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go mbaineann roinnt moille don Liotuáin i dtéarmaí rolladh amach na méadar cliste agus rannpháirtíocht éifeachtach na freagartha don éileamh tríd an gcomhbhailiú. Tugann an Coimisiún faoi deara an mhoill bheag a chuir an Liotuáin in iúl maidir le baint na bpraghsanna miondíola rialáilte (moill leathbhliana le haghaidh chéim 2 den léirscaoileadh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh).

*Bearta nua*

Iarrann an Coimisiún ar an Liotuáin cloí leis an tiomantas a tugadh faoin bPlean um Athchóiriú Margaidh agus chun tuilleadh gníomhaíochta a ghlacadh mar bheart leantach ar iniúchadh na mbeart breise chun imscaradh na freagartha don éileamh atá bunaithe ar phraghas a mhéadú.

*Barúlacha eile*

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht á thábhachtaí atá sé don Liotuáin a bheith rannpháirteach sna tionscnaimh atá ann faoi láthair maidir le soláthar comhpháirteach d’acmhainn FCR faoin dáta sioncronaithe leis an Eoraip Ilchríochach ar a dhéanaí de réir an tiomantais a thug sí ina Plean um Athchóiriú Margaidh.

*Rannchuidiú na mbeart a cuireadh chun feidhme chun an t-ábhar imní leormhaitheasa a laghdú*

Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil faisnéis i dTuarascáil Faireacháin I na Liotuáine faoi éifeachtaí na mbeart a glacadh maidir le leormhaitheas acmhainní, agus iarrann ar an Liotuáin míniú a thabhairt cé acu a rannchuidigh nó nár rannchuidigh na bearta a cuireadh chun feidhme le hábhair imní leormhaitheasa a laghdú nó le haghaidh a thabhairt orthu, agus conas a rannchuidigh siad leo. Go sonrach, iarrann an Coimisiún ar an Liotuáin faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a glacadh agus a dtionchar ar leormhaitheas acmhainní a chainníochtú.

# 4. CONCLÚID

De bhun Airteagal 20 (6) den Rialachán Leictreachais, leanfaidh na Ballstáit ar aghaidh ag déanamh faireacháin ar chur chun feidhme a bpleananna cur chun feidhme, agus foilseoidh

siad torthaí an fhaireacháin i dtuarascáil bhliantúil agus cuirfidh siad an tuarascáil sin faoi bhráid an Choimisiúin. Sa tuarascáil sin, iarrtar ar Bhallstáit míniú a thabhairt cé acu agus a mhéid a cuireadh chun feidhme nó nár cuireadh chun feidhme na hathchóirithe margaidh i gcomhréir leis an amlíne a bhí beartaithe, agus na fáthanna a mhíniú más rud é nár cuireadh. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na tuarascálacha faireacháin agus eiseoidh sé tuairim fhoirmiúil faoin bpróiseas athchóirithe.

Tiocfaidh tuairim de chineál comhchosúil an bhliain seo chugainn tar éis na tuairime cuachta seo. Beidh na nithe seo a leanas i gceist le measúnú thuairim na bliana seo chugainn:

– Tuarascálacha faireacháin II: na Tuarascálacha faireacháin nuashonraithe de chuid na mBallstát atá cumhdaithe leis an anailís seo (i.e. an Bheilg, an Pholainn, an Liotuáin agus Éire), agus

– Tuarascálacha faireacháin I: na chéad Tuarascálacha faireacháin de chuid na mBallstát, nach bhfuil ach a bPleananna deiridh um Athchóiriú Margaidh curtha isteach acu faoi dheireadh 2021, agus a eiseoidh den chéad uair a dTuarascáil Faireacháin faoi dheireadh 2022.

Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a bhfuil a dtuarascáil faireacháin curtha isteach acu, agus ar na Ballstáit a bhfuil a bPleananna deiridh um Athchóiriú Margaidh curtha isteach acu araon na Tuarascálacha faireacháin nuashonraithe agus nua faoi seach a chur isteach faoi dheireadh 2022. Tiocfaidh na Tuarascálacha Faireacháin sin faoi réir anailís an Choimisiúin ansin, a eiseoidh comhthuairim faoi shamhradh 2023.

Tá seasamh an Choimisiúin a léirítear sa tuairim seo gan dochar d’aon seasamh a fhéadfaidh sé a ghlacadh maidir le comhoiriúnacht aon bhirt cur chun feidhme náisiúnta le dlí an Aontais.

Foilseoidh an Coimisiún an doiciméad sin ar a shuíomh gréasáin. Ní mheasann an Coimisiún an fhaisnéis atá inti a bheith ina faisnéis rúnda. Iarrtar ar na Ballstáit lena mbaineann an tuairim seo an Coimisiún a chur ar an eolas laistigh de 10 lá oibre tar éis a fála cé acu a mheasann nó nach measann siad, agus an fáth go measann nó nach measann siad, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le rúndacht ghnó, go bhfuil faisnéis rúnda sa doiciméad seo ar mian leo go scriosfaí í roimh fhoilsiú den sórt sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.12.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Kadri Simson*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach